Treoir ar Úsáid CCTV – Do Dhaoine Aonair



Treoir ar Úsáid CCTV – Do Dhaoine Aonair

Tá úsáid a bhaint as faireachas CCTV ag éirí níos forleithne le blianta beaga anuas mar gheall ar fheabhas ar shofaisticiúlacht agus an fháil ar theicneolaíocht sa réimse seo. Tá go leor úsáidí dlisteanacha ag gabháil le CCTV ó thaobh slándála, lena n-áirítear, coiriúlacht a chosc agus a bhrath agus sláinte agus sábháilteacht. D'fhéadfadh údar imní a bheith ag baint leis freisin ó thaobh **cur isteach míréasúnta** ar chearta príobháideachais agus cearta cosanta sonraí daoine aonair agus mar gheall go bhféadfadh **monatóireacht nó faireachas iomarcach** a bheith ar siúl.

Tá sé i gceist leis an gcuid seo den treoir cuidiú le daoine **tuiscint a fháil ar na cearta atá acu** maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta ar CCTV agus maidir leis an méid ba chóir dóibh a bheith ag súil leis ó rialaitheoirí sonraí a bhaineann úsáid as córais CCTV.

Sa chás go measann tú go bhfuil do chuid cearta á sárú ag úsáid CCTV, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC). Tá tuilleadh faisnéise ar fáil maidir lenár bpróiseas láimhsithe gearáin ar láithreán gréasáin an DPC.

Trédhearcacht

Tá sé de cheart agat **faisnéis thrédhearcach a fháil maidir le próiseáil** do chuid sonraí. Baineann sé seo le taifeadadh a dhéantar ar d'íomhá ar CCTV. Ba chóir **comharthaíocht shoiléir** a bheith ann chun a chur in iúl do dhaoine go bhfuil taifeadadh CCTV ag tarlú ar an láthair agus ba chóir breac-chuntas a thabhairt ar na cúiseanna atá leis sin. Ba chóir **sonraí teagmhála** an rialaitheora sonraí ábhartha nó a ngníomhaire a chur ar fáil sna comharthaí, sa chás gur mhian leat **tuilleadh faisnéise** nó rochtain ar do chuid sonraí pearsanta a fháil.

Bunús Dlí – An bhfuil Toiliú Riachtanach?

Teastaíonn bunús dlí ó thaobh na próiseála go léir a dhéantar ar shonraí pearsanta. Tá toiliú an duine aonair ar bhunús amháin den sórt sin, mar sin féin, is annamh a bhíonn sé seo ar an mbunús dlí atá cuí ó thaobh úsáid CCTV. I go leor cásanna, d'fhéadfaí píosa scannánaíochta CCTV a thaifeadadh bunaithe ar **leas dlisteanach gnólachta** lena n-áitreabh agus a maoin a chosaint ar choiriúlacht nó ar dhamáiste nó chun sláinte agus sábháilteacht comhaltaí foirne agus an phobail a chinntiú. Ba chóir go mbeidh sé ar chumas rialaitheora sonraí atá ag baint úsáid as córas CCTV **míniú a thabhairt duit,** ar mhíniú a iarraidh, maidir leis an mbunús dlí a bhfuil do chuid sonraí pearsanta á bpróiseáil acu.

Sa chás go mbaineann rialaitheoir sonraí úsáid as CCTV bunaithe ar a leasanna dlisteanacha, ní mór go mbeidh siad i riocht ina mbeidh ar a gcumas míniú a thabhairt duit go bhfuil údar maith acu leis seo bunaithe ar **riachtanas agus ar chomhréireacht**. Mura bhfuil tú sásta go bhfuil údar maith acu le CCTV a úsáid nó nach bhfuil sé

comhréireach i dtéarmaí an tionchair atá aige ortsa, tá sé de **cheart agat** **gearán a dhéanamh** leis an DPC.

Iarrataí ar Rochtain – Cad iad na Cearta atá agam?

Tá tú i **dteideal a bheith curtha ar an eolas** maidir le haon phróiseáil atá á déanamh ar do chuid sonraí, agus tá tú i **dteideal cóip a fháil** de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Áirítear ar an bhfaisnéis atá tú i dteideal a fháil, **céannacht an rialaitheora sonraí** agus an **t-údar** a bhfuil do chuid sonraí pearsanta faighte acu. Ba chóir go gcuirfí ar an eolas tú freisin sa chás gur cuireadh do chuid sonraí **ar fáil do thríú páirtithe**.

Ní mór go gcuirfidh rialaitheoir sonraí cóip de na sonraí ar fáil duit **saor in aisce laistigh d'aon mhí amháin** tar éis d'iarraidh a bheith faighte aige/aici. D'fhéadfadh an rialaitheoir síneadh suas go dtí dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin, más gá, ag glacadh castacht agus líon na n-iarrataí san áireamh. Féadfaidh siad tuilleadh faisnéise a iarraidh ort, de réir mar a bhíonn gá le do **chéannacht a dheimhniú** agus leis an dáta agus leis an am a raibh an taifeadadh ar siúl a fháil amach.

Mura mbíonn tú sásta leis an bhfreagra a fhaigheann tú ar an iarraidh ar rochtain, tá sé de **cheart** agat **gearán a dhéanamh** leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

An Áit Oibre – Conas is féidir CCTV a Úsáid?

Tá úsáid córais CCTV **coitianta in go leor áiteanna oibre** chun críocha **slándála** agus chun **dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta** a chinntiú. Tá fostaithe i dteideal ionchais réasúnach a bheith acu ó thaobh príobháideachais san áit oibre, mar sin féin, níor chóir go mbeadh tionchar díréireach ag úsáid CCTV ar an ionchas seo. Go háirithe, **níor chóir** CCTV a **úsáid** i limistéir **ina gcaitheann an fhoireann a gcuid ama saor** murar féidir údar maith a thabhairt leis, mar shampla, bunaithe ar an ngá le monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus ar shábháilteacht. Breithnítear, go ginearálta, go bhfuil sé deacair freastal ar an tairseach seo ó thaobh údar maith a bheith le CCTV a úsáid i seomraí scíthe, i seomraí feistis agus i leithris.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhostóirí dul i muinín úsáid a bhaint as píosaí scannánaíochta CCTV uaireanta chun **cásanna** tromchúiseacha mí-iompair, faillí, smacht foirne, srl., **a imscrúdú**. Is dóigh, chomh fada agus go ndéantar an méid seo ar **bhealach atá cothrom agus comhréireach,** agus prionsabail cosanta sonraí á gcomhlíonadh, go mbeidh próiseáil dhlíthiúil i gceist anseo, mar go bhfuil leas dlisteanach ag fostóirí a n-áitreabh, a bhfoireann agus an pobal a chosaint nó go bhféadfaí a iarraidh orthu na sonraí seo a phróiseáil chun oibleagáid dlí a chomhlíonadh. Níor chóir cearta cosanta sonraí fostaithe a bhfuil amhras fúthu ó thaobh mí-iompar tromchúiseach nó ábhair thromchúiseacha smachtaithe eile a bhreithniú mar bhac iomlán ó thaobh fostóirí a stopadh le CCTV a úsáid in imthosca mar seo.

Scannánaíocht faoi cheilt

Go ginearálta, tá úsáid meicníochtaí taifeadta **neamhdhleathach** chun sonraí a fháil **gan an duine aonair a bheith ar an eolas**. De ghnáth, ní cheadaítear faireachas faoi cheilt ach ar bhonn **eisceachtúil**, cás ar chás, nuair a choinnítear sonraí chun críocha cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh.

Taifeadtaí a Fhoilsiú ar Líne

Sa chás go bhfuil tú ar an eolas gur foilsíodh d'íomhá nó píosa scannánaíochta díot ar líne, **is féidir leat iarraidh** ar an ardán meán sóisialta an t-ábhar **a bhaint anuas**.